2025/916

16.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/916 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Bealtaine 2025

lena ndéantar asbhaint ón iarracht iascaireachta atá ar fáil don Iodáil in 2025 de dheasca na ró-iascaireachta sa bhliain roimhe sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 106(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh iarrachtaí iascaireachta le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 faoi seach le Rialacháin (AE) 2024/259 ([2]) agus (AE) 2025/219 ([3]) ón gComhairle.

(2) De bhun Airteagal 106(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás ina bhfuil sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil Ballstát tar éis an iarracht iascaireachta a cionroinneadh air a shárú, tá an Coimisiún le hasbhaintí a dhéanamh ón iarracht iascaireachta a bheidh ag an mBallstát sin amach anseo.

(3) Foráiltear le hAirteagal 106(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go bhfuil na hasbhaintí sin le déanamh an bhliain dár gcionn nó sna blianta dár gcionn trí fhachtóir iolraithe a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach ann.

(4) Sháraigh an Iodáil an uasiarracht iascaireachta incheadaithe le haghaidh soithí tráil ghrinnill d'fhad de Chineál 10 a dhíríonn ar cholmóirí Eorpacha i bhfolimistéir gheografacha 12, 13, 14, 15 agus 16 (EFF4/MED4_OTB2) de chuid an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) a cionroinneadh uirthi le haghaidh na bliana 2024.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart asbhaint a dhéanamh ón iarracht iascaireachta a cionroinneadh ar an Iodáil in 2025 le haghaidh na hiarrachta iascaireachta sáraithe sna limistéir agus sna hiascaigh lena mbaineann.

(6) Féadfar tuilleadh uasdátuithe nó ceartúchán a dhéanamh fós i ndiaidh earráidí, easnaimh nó míthuairisciú a bhrath, i gcás na gcleachtaí asbhainte atá ann faoi láthair nó na gcleachtaí asbhainte roimhe seo, sna sonraí maidir leis an iarracht iascaireachta a rinneadh arna ndearbhú de bhun Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Laghdófar an iarracht iascaireachta a socraíodh le haghaidh na bliana 2025 i Rialachán (AE) 2025/219 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2024/259 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2024/259, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/259/oj).
([3]) Rialachán (AE) 2025/219 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh (IO L, 2025/219, 4.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/219/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Asbhaint ón iarracht iascaireachta le haghaidh 2025 i leith an stoic a ndearnadh ró-iascaireacht air

Ballstát	Cód an ghrúpa iarrachta iascaireachta	Stocghrúpa	Fad an tsoithigh	An cineál soithigh	Iarracht iascaireachta tosaigh arna cionroinnt le haghaidh 2024 (i laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta oiriúnaithe le haghaidh 2024 ([1]) (i laethanta iascaireachta)	Iarracht iascaireachta iomlán a rinneadh in 2024 (i laethanta iascaireachta)	Glacadh iarrachta in 2024 (in %)	Ró-iascaireacht a bhaineann le hiarracht iascaireachta oiriúnaithe in 2024 (i laethanta iascaireachta)	Fachtóir iolraithe ([2])	Asbhaint le cur i bhfeidhm maidir leis an gcionroinnt iarrachta iascaireachta le haghaidh 2025 (i laethanta iascaireachta)
ITA	EFF4/MED4_OTB2	Colmóirí i bhfolimistéir gheografacha 12, 13, 14, 15 agus 16 CGIM	T-10	Soithí tráil grinnill	188	188	206	109,57	18	1,0	18

([1]) Iarracht atá ar fáil do Bhallstát de bhun an Rialacháin ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis aistriú féideartha deiseanna iascaireachta agus malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj), chomh maith le deiseanna iascaireachta a asbhaint i gcomhréir le hAirteagal 106 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([2]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 106(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.